M68T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

# EALAÍN

## SCEITSEÁIL BHEO-ÁBHAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ hAOINE, 10 Bealtaine 2002 - TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 3.00

Tá 50 marc ag dul don pháipéar seo.

Le hoscailt Dé hAoine, 3 Bealtaine, 2002.

**Treoracha (a) d'Fheitheoirí agus do Mhúinteoirí Ealaíne**
**(b) d'Iarrthóirí**

**(a)** Dhá sceitse den chuspa a bheidh sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag a bheidh sa chéad cheann. Líníocht a gcuirfear críoch níos iomláine uirthi agus a thógfaidh timpeall tríocha nóiméad a bheidh sa dara ceann. Níl culaith éadaigh ar leith ag teastáil ón gcuspa. Agus an scrúdú ar siúl beidh sé de chead ag an gcuspa sosanna a ghlacadh idir deich agus cúig nóiméad déag go hiomlán. Is féidir babhtaí sosa a eagrú de réir mar a oireann agus beidh siad seo san áireamh san uair an chloig iomlán a cheadaítear don scrúdú.

Deichniúr iarrthóirí ar a mhéid a cheadaítear i mbun líníochta le cuspa amháin. Ba chóir ligean d'iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa agus an dara staidiúir ar siúl.

## (b) Treoracha d'Iarrthóirí

Is féidir leat an cúlra a chur in iúl go garbh mar aon le tacaí ar bith a úsáideadh le linn ceachtar den dá staidiúir.

Is féidir aon mheán líníochta a úsáid nó aon mheán a thriomaíonn go tapa.

Scríobh d'uimhir scrúdaithe agus an leibhéal atá i gceist go soiléir ar na bileoga líníochta agat.

**Iarrtar ort <u>dhá líníocht</u> a dhéanamh mar a leanas:**

(i) Ní foláir **<u>an fhíor iomlán</u>** a bheith sa chéad líníocht, agus ba chóir í a chríochnú laistigh de 15 nóiméad.

(ii) Ní foláir líníocht le bailchríoch níos fearr uirthi a dhéanamh an dara babhta **pé acu** den chloigeann agus na guaillí amháin, **<u>nó</u>** den fhíor iomlán.

## An Chéad Staidiúir – Achar ama 15 nóiméad

***Tá an cuspa ina sheasamh agus***

- na cosa scartha óna chéile
- meáchan an choirp ar an gcos dheas
- an chos dheas ag díriú ar dheis
- an uillinn chlé lúbtha agus an lámh chlé ar an gcromán clé
- an lámh dheas ag luí ar scáth fearthainne nó ar mhaide siúil a cuireadh in aice leis an gcos dheas
- an cloigeann ag díriú ar dheis

## An Dara Staidiúir – Achar ama 30 nóiméad

***Tá an cuspa ina shuí go díreach in airde ar stól agus***

- na glúine lúbtha
- na cosa ar an urlár agus iad scartha óna chéile beagán
- na géaga fillte, an ceann deas thar an ceann clé, trasna ar an mbrollach agus na lámha folaithe
- an cloigeann ag breathnú ar aghaidh